# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 25 Eanáir 2023 – GEA Group v an Coimisiún**

**(Cás T-640/16 RENV)** ([1])

***(Iomaíocht – Cairtéil – Margaí Eorpacha do chobhsaitheoirí teasa bunaithe ar stán, ola pónaire soighe eapocsaídithe agus eistir – An uasteorainn 10 % den láimhdeachas a chur i bhfeidhm ar cheann de na heintitis a chomhdhéanann an gnóthas – An cinneadh lena leasaítear an fhíneáil arna forchur sa chinneadh tosaigh maidir le sárú a chur ar neamhní – Inghlacthacht – Leas chun imeachtaí a thionscnamh – Fíneálacha – Tréimhse theorann – Coincheap "gnóthas" – Dliteanas comhpháirteach agus leithleach i leith íocaíocht na fíneála – Cearta na cosanta – An ceart chun éisteacht ó bhéal a fháil – Cóir chomhionann – Dáta faoina bhfuil an fhíneáil iníoctha i gcás leasaithe – Cúiseanna)***

(2023/C 94/34)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: GEA Group AG (Düsseldorf, an Ghearmáin) (ionadaithe: I. du Mont agus C. Wagner, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: P. Rossi, V. Bottka agus T. Baumé, Gníomhairí)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar Cinneadh C(2016) 3920 final ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2016 lena leasaítear Cinneadh C(2009) 8682 final ón gCoimisiún an 11 Samhain 2009 maidir le himeachtaí de bhun Airteagal (101 CFAE) agus Airteagal 53 de Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) (AT.385.89 – Cobhsaitheoirí teasa), a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do GEA Group AG, chomh maith lena chostais féin, na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach sna himeachtaí T-640/16, T-640/16 RENV agus C-823/18 P, a íoc.

---

([1]) IO C 392, 24.10.2016.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 25 Eanáir 2023 – De Capitani v an Chomhairle**

**(Cás T-163/21)** ([1])

***(Rochtain ar dhoiciméid – Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 – Doiciméid maidir le nós imeachta reachtach atá ar siúl – Meithleacha de chuidna Comhairle – Doiciméid maidir le togra reachtach chun Treoir 2013/34/AE a leasú maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas – Diúltú rochtain pháirteach a dheonú – Caingean le haghaidh neamhniú – Leas chun imeachtaí a thionscnamh – Inghlacthacht – An chéad fhomhír d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001 – Eisceacht i ndáil leis an phróiseas cinnteoireachta a chosaint)***

(2023/C 94/35)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Emilio De Capitani (an Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaithe: O. Brouwer, Dlíodóir, and S. Gallagher, Dlíodóir)